# Replay





Eochairfhocail: cartlann, taifid fuaime, néaltrú, togra, tráchtaireacht

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén dream daoine lena bhfuil an togra náisiúnta nua seo ag tacú?
2. Cén tráchtaire cáiliúil a mbaintear úsáid as a ghuth don togra seo?
3. Cén áit ar seoladh an togra nua seo?
4. Conas a chabhraíonn na taifid fuaime seo le daoine atá ag maireachtáil le néaltrú?
5. Céard iad na blianta de chluichí ceannais atá i gceist sa chartlann fuaime seo?
6. Cén teaghlach a bhí i láthair ag an seoladh oifigiúil i bPáirc an Chrócaigh?
7. Cad a deir Eamonn Ó Muircheartaigh a tharla don bhean as Gaillimh a raibh néaltrú uirthi agus a thosaigh ag éisteacht le tráchtaireacht Mhichíl?
8. Conas a mhothaigh muintir Uí Muircheartaigh nuair a chonaic siad an bhean seo ag teacht ar ais chuici féin arís?
9. Cén áit is féidir teacht ar an gcartlann?
10. An mbeadh spéis agat féin éisteacht leis an gcartlann sin? Cén fáth?






# Gníomhaíocht Smaointeoireachta agus Scríbhneoireachta: deachtú

**Ag obair le do pháirtí ranga, déan an chéad sliocht seo faoi Mhícheál Ó Muircheartaigh a léamh amach a fhad is a bhreacann an duine eile síos an méid a chloiseann sé/sí. Babhtálaigí róil ansin don dara sliocht.**

1. Duine de laochra Chumann Lúthchleas Gael ba ea Mícheál Ó Muircheartaigh. Ciarraíoch a bhí i Mícheál ach chaith sé formhór mór a shaoil ina chónaí i mBaile Átha Cliath. Chuaigh sé leis an múinteoireacht bhunscoile agus go deimhin bhíodh an tráchtaireacht raidió agus an múineadh scoile ar súil aige ar feadh na mblianta fada. Thosaigh sé ag déanamh tráchtaireachta ar chluichí Chumann Lúthchleas Gael i lár chaogaidí na haoise seo caite ar Raidió Éireann. Lean sé leis ansin ag déanamh tráchtaireachta ar chluichí móra peile agus iomanaíochta gach samhradh go dtí gur éirigh sé as an tráchtaireacht sa bhliain 2010. Ba é Cluiche Ceannais Peile na hÉireann idir Corcaigh agus an Dún an cluiche deireanach a ndearna Mícheál tráchtaireacht air.

2. Bhí teacht i láthair den chéad scoth ag Mícheál. Thuig sé go beacht conas cumarsáid mhaith, shoiléir agus éifeachtach a dhéanamh. Chomh maith leis sin, bhí bua na scéalaíochta aige agus ba mhinic a d'iompraíodh sé ó Bhéarla go Gaeilge agus ar ais arís agus chuaigh sé sin i bhfeidhm go mór ar dhaoine. Ina theannta sin, d'insíodh sé scéalta i rith chluichí agus dhéanadh sé tagairtí do stair agus do chultúr na hÉireann ina chuid tráchtaireachta go minic. Samhlaíodh Mícheál leis na cluichí Gaelacha in intinn an-chuid daoine in Éirinn agus thar lear ar feadh na mblianta fada. Cailleadh Mícheál Ó Muircheartaigh sa bhliain 2018 agus seacht mbliana is ceithre scór slánaithe aige. Ní bheidh a leithéid arís ann.



**Freagraí**

1. daoine atá ag maireachtáil le néaltrú
2. Mícheál Ó Muircheartaigh
3. Páirc an Chrócaigh
4. chun cuimhne, ceangal agus áthas a spreagadh trí na buntáistí cruthaithe a bhaineann le teiripe chuimhneacháin
5. idir 1985 agus 2010
6. Muintir Uí Mhuircheartaigh
7. bhí sí ag éisteacht, thosaigh sí ag caint, bhí sí ag lorg cupán tae, cheap sí go raibh sí ag éisteacht leis an gcluiche beo arís
8. bhí siad an-bhródúil as Mícheál
9. ar líne, www.thereplay.ie

